Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/3179

6.6.2025

**FÓGRA ÓN GCOIMISIÚN**


**faoi threoir maidir le hinfheistíochtaí oircheallacha chun líonraí leictreachais réamhbhreathnaitheacha a fhorbairt**

(C/2025/3179)

## 1. RÉAMHRÁ

Tá claochlú ollmhór tapa roimh earnáil leictreachais na hEorpa. Le cur in úsáid acmhainneachtaí glana, go háirithe foinsí in-athnuaite athraitheacha, tá athstruchtúrú á dhéanamh ar mheascán leictreachais an Aontais chun fuinneamh intíre slán, iomaíoch agus dícharbónaithe a sholáthar do gach tomhaltóir. Sa tréimhse 2022–2024 amháin, suiteáladh 168 GW d'acmhainneachtaí gréine agus 44 GW d'acmhainneachtaí gaoithe san Aontas, níos mó ná riamh. In 2024, tháinig 47 % den ghiniúint leictreachais san Aontas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. Ar an gcaoi chéanna, tá athrú ag teacht ar an éileamh mar gheall ar úsáidí nua amhail leictriú, lena n-áirítear leictrea-shoghluaisteacht, téamh agus fuarú, táirgeadh hidrigine agus roinnt próiseas tionsclaíoch, go háirithe iad siúd a bhíonn ag feidhmiú ag teochtaí ísle agus meánteochta. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar an tomhaltas leictreachais sna blianta amach romhainn mar thoradh ar na patrúin nua sin.

Is iad eangacha leictreachais an nasc a bhfuil gá leis idir giniúint agus éileamh. Soláthraíonn siad an acmhainneacht líonra is gá chun teaghlaigh, chomh maith le tionscail agus gnólachtaí nua, a nascadh. Tá córas leictreachais na hEorpa bunaithe ar eangacha a tógadh den chuid is mó, ar bhealach oircheallach, sna 1970idí agus sna 1980idí le haghaidh na gcineálacha traidisiúnta acmhainneachtaí giniúna ag an am ([1]). Tá nuachóiriú agus athchóiriú de dhíth ar na heangacha sin, ach tá géarghá le leathnú chun na castachtaí a bhaineann leis an aistriú fuinnimh faoi láthair a ghabháil, ar an leibhéal tarchurtha agus ar an leibhéal dáileacháin araon. Meastar go mbeidh idir 40 agus 55 % de línte ísealvoltais níos mó ná 40 bliain d'aois faoi 2030, agus nár tháinig ach méadú 0,8 % ar a bhfad iomlán idir 2021 agus 2022 ([2]). Thairis sin, mar thoradh ar chlaochlú ár gcóras fuinnimh i dtreo foinsí fuinnimh ghlain, agus ar na tráthchláir fhada a bhíonn ag teastáil go traidisiúnta chun tionscadail eangaí a fhorbairt, cuirtear moilleanna móra ar nascadh leis an eangach. I gcás feirmeacha gaoithe, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé chomh fada le 9 mbliana rochtain a fháil ar an líonra ([3]).




**Meán-agaí tionscanta chun sócmhainní eangaí leictreachais nua a thógáil san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe 2010-2021, *foinse: IEA***

([1]) Féach 'The history of the European electricity system evolution, The 50 Year Success Story – Evolution of a European Interconnected Grid', (https://eepublicdownloads.entsoe.eu/clean-documents/pre2015/publications/ce/110422_UCPTE-UCTE_The50yearSuccessStory.pdf).

([2]) Eurelectric Grids for Speed (tuarascáil) (https://powersummit2024.eurelectric.org/wp-content/uploads/2024/07/Grids-for-Speed_Report_FINAL_Clean.pdf).

([3]) Bunaithe ar shonraí Wind Europe (https://windeurope.org/newsroom/press-releases/immediate-actions-needed-to-unblock-grid-capacity-for-more-wind-energy/).

Tá costais shochaíocha ag baint le moill a chur ar fhorbairt na n-eangach freisin mar gheall ar rochtain mhíchothrom ar an margadh inmheánach, rud a spreagann éagothromaíochtaí i bpraghsanna fuinnimh, agus i dtéarmaí seachtrachtaí aeráide. De réir IEA ([4]), bheadh astaíochtaí carnacha $CO_2$ ó earnáil na cumhachta ó 2023 go 2050 58 ngigeathonna níos airde sa Chás ina mbeadh Moill ar Eangacha ná mar a bheadh i gcás a bheadh ailínithe le spriocanna aeráide náisiúnta. Tá sé sin coibhéiseach le hastaíochtaí iomlána $CO_2$ na hearnála cumhachta domhanda ó 2018–2022.

Léirítear leis sin uile gur gá na cleachtais reatha maidir le forbairt líonraí a athrú chun freastal go tráthúil ar na riachtanais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

**Tacaíonn an Treoir atá ann faoi láthair maidir le hInfheistíochtaí Oircheallacha leis na Ballstáit, le húdaráis rialála náisiúnta agus le hoibreoirí córas dáileacháin agus tarchurtha le moltaí maidir le gníomhaíocht sa phróiseas iomlán as a dtiocfaidh cinneadh deiridh infheistíochta,** i.e. pleanáil líonra, grinnscrúdú rialála, aithint costas agus dreasachtaí. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí a liostaítear sa treoir seo infheistíocht éifeachtúil oircheallach i dtionscadail líonra a chothú agus rannchuidiú le hinacmhainneacht na gcostas fuinnimh. Trí infheistíochtaí oirchilleacha a chumasú ar bhealach costéifeachtach, ba cheart freastal ar mhéadú mór ar leibhéil bhliantúla infheistíochta eangaí lena méadófar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-infheistíochtaí sin, agus á áirithiú san am céanna go mbeidh billí leictreachais inacmhainne do theaghlaigh, do thionscail agus do ghnólachtaí.

## 2. **CAD IS INFHEISTÍOCHT OIRCHEALLACH ANN?**

### 2.1. **Sainmhíniú agus samplaí**

Is téarma é ‘infheistíocht oircheallach’ a úsáidtear i reachtaíocht an Aontais, in ainneoin nach bhfuil sé sainmhínithe go sainráite. Tagraíonn Rialachán GTE-F ([5]) d’infheistíochtaí oircheallacha i ndáil le dreasachtaí rialála, lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha níos airde maidir le tionscadal leasa choitinn a fhorbairt, a thógáil, a oibriú nó a chothabháil. Ní shainmhínítear infheistíochtaí oircheallacha iontu féin, áfach. Baineann an rud céanna leis an Rialachán Leictreachais ([6]), ina dtagraítear, mar chuid den athchóiriú ar Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais, d’infheistíochtaí oircheallacha mar mhodh chun eangach a fhorbairt lena bhfreastalófar ar úsáid luathaithe na giniúna in-athnuaite, lena n-áirítear úsáid i limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite ainmnithe agus éileamh leictrithe cliste.

Léiríodh sna pléití leis na páirtithe leasmhara faoin 8ú Fóram um Bonneagar Fuinnimh i mí an Mheithimh 2022 ([7]) go bhfuil tuiscintí éagsúla ann maidir le coincheap na n-infheistíochtaí oircheallacha. Eascraíonn éagsúlacht tuairimí den sórt sin as cleachtas stairiúil, agus ní shainaithníonn aon údarás rialála náisiúnta (NRA) go sainráite faoi láthair aon infheistíocht trí úsáid a bhaint as an téarma ‘oircheallach’ ([8]). Mar sin féin, sa chleachtas, tá sé á chur i bhfeidhm cheana féin le haghaidh roinnt infheistíochtaí eangaí agus i gcórais rialála áirithe. Maidir leis an tuiscint ar bhrí na n-infheistíochtaí oircheallacha a chúngú, ba chuidiú í an obair a thionscain an Fóram ar dtús agus a cuireadh chun cinn a thuilleadh i gcomhthéacs an Phlean Gníomhaíochta maidir le hEangacha. Mar ullmhúchán don treoir seo, bhailigh an Coimisiún ionchur trí roinnt seisiún tiomnaithe den Fhóram um Bonneagar Fuinnimh idir 2022–2024, trí dhá cheardlann le páirtithe leasmhara an 29 Aibreán 2024 agus an 11 Nollaig 2024, agus trí dhá cheistneoir do NRAnna ([9]) agus do pháirtithe leasmhara eile ([10]).

---

([4]) Tuarascáil ó IEA maidir le hEangacha Leictreachais agus Aistrithe Fuinnimh Slána, Samhain 2023 (https://iea.blob.core.windows.net/assets/ea2ff609-8180-4312-8de9-494bcf21696d/ElectricityGridsandSecureEnergyTransitions.pdf).

([5]) Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45).

([6]) Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas, arna athbhreithniú le Rialachán (AE) 2024/1747 maidir le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

([7]) https://circabc.europa.eu/ui/group/88886b79-cdea-4633-a933-8b191efb335b/library/ccd71133-eea2-4612-891b-5318a9f6f8a9.

([8]) Seasamh ACER-CEER maidir le hinfheistíocht oircheallach, Márta 2024.

([9]) Bhailigh ACER agus CEER na freagraí i bpáipéar seasaimh cuimsitheach i mí an Mhárta 2024 (https://www.acer.europa.eu/sites/default/files/documents/Position%20Papers/ACER-CEER_Paper_anticipatory_investments.pdf).

([10]) D’fhorbair roinnt páirtithe leasmhara páipéir sheasaimh tacaíochta, lena n-áirítear ENTSO-E (https://eepublicdownloads.blob.core.windows.net/public-cdn-container/clean-documents/Publications/Position%20papers%20and%20reports/2024/241201_entso-e_pp_anticipatory_investments.pdf), Eintiteas AE do OCDanna (https://eudsoentity.eu/wp-content/uploads/2025/02/Paper-on-anticipatory-investment_FINAL-PDF.pdf), Eurelectric (https://www.eurelectric.org/wp-content/uploads/2024/06/how-can-dsos-rise-to-the-investments-challenge-implementing-anticipatory-investments.pdf) agus Tionscadal Cúnaimh Rialála (https://blueprint.raponline.org/deep-dive/revitalising-regulation-to-guide-anticipatory-investment/).

**Tuigeann an Coimisiún infheistíochtaí oircheallacha mar infheistíochtaí i sócmhainní bonneagair eangaí lena dtugtar aghaidh go réamhghníomhach ar riachtanais forbartha líonra** sa bhreis ar na cinn a chomhfhreagraíonn d'atreisithe a bhaineann le hiarrataí ar nascadh leis an eangach atá ann faoi láthair ó thionscadail giniúna nó éilimh. Is infheistíochtaí réamhbhreathnaitheacha iad infheistíochtaí oircheallacha, **atá bunaithe ar riachtanais líonra shainaitheanta mheántéarmacha agus fhadtéarmacha,** a bhfuil údar cuí leo i bpleananna forbartha líonra, bunaithe ar chásanna lena ndéantar conairí inchreidte acmhainneachtaí giniúna **agus éilimh a réamh-mheas lena dtacaítear le beartais fuinnimh**, aeráide agus thionsclaíocha, lena n-áirítear na **Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide**. Ní 'aicme nua infheistíochta' iad infheistíochtaí oircheallacha, ós rud é gur sócmhainní líonra comhionanna iad agus atá i ngach cineál eile infheistíochta líonra, amhail infheistíochtaí frithghníomhacha ([11]).

Tá infheistíocht oircheallach coitianta go pointe áirithe ar an leibhéal tarchurtha, áit a ndéanann oibreoirí córas tarchurtha (OCTanna) measúnú go minic ar a riachtanais bunaithe ar chásanna ina gcomhtháthaítear bearta beartais, lena bhfreastalaítear ar fhorbairt tomhaltais agus soláthair leictreachais amach anseo. Mar shampla, is iondúil go mbíonn idirnascairí hibrideacha amach ón gcósta oircheallach ó thaobh a gcineáil de, toisc go dtógtar iad leis an toimhde go bhfásfaidh acmhainneachtaí giniúna in aice láimhe amach anseo. Níl infheistíochtaí oircheallacha fós chomh coitianta céanna ar an leibhéal dáileacháin, inar fhorbair, go traidisiúnta, formhór na n-oibreoirí córais dáileacháin (OCDanna) a n-eangacha go frithghníomhach, bunaithe ar an gcreat dlíthiúil a bhí i bhfeidhm, rud a d'fhág nach ndearnadh atreisiú ar an eangach go dtí go ndearnadh iarrataí ar nascadh leis an eangach nó má bhí gá le hathchóirithe. Is é an phríomhchúis le forbairt fhrithghníomhach eangaí an riosca a bhraitear a bhaineann leis na hinfheistíochtaí oircheallacha, go háirithe iad siúd a bhaineann le tearcúsáid fhéideartha na sócmhainne, as a n-eascraíonn praghsanna níos airde do thomhaltóirí gan tairbhí measta a bheith ann. Níl creataí maolaithe riosca i bhfeidhm go fóill i ngach Ballstát. Sa chaibidil maidir le straitéisí maolaithe riosca, tugtar tuilleadh sonraí ar an ábhar. Áirítear an méid seo a leanas ar **shamplaí** d'infheistíochtaí oircheallacha, lena n-áirítear infheistíocht lena n-éascaítear forbairtí eangaí amach anseo:

— Treisithe eangaí ar tír, amhail fostáisiúin nua, chun bheith in ann freastal ar athruithe intuartha ar sholáthar agus ar éileamh — mar shampla trí acmhainneacht an fhostáisiúin, an stáisiúin claochladáin nó na línte féin a róthoisiú. D'fhéadfadh sé sin a bheith nasctha, mar shampla, le limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite.

— Dearadh tionscadal amach ón gcósta a sheasfaidh an aimsir, amhail spás d'fhostáisiún amach ón gcósta a leithdháileadh agus é a dhearadh ionas go mbeifear in ann leathnú amach anseo nó an fostáisiún iomlán a dhearadh agus acmhainneacht níos mó aige. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé mar chuspóir aige sin nascadh na n-idirnascairí atá á mbreithniú a chumasú, nó nascadh feirmeacha gaoithe nua in aice láimhe a mheastar a chuirfear ar ceant. Is féidir leis an ngníomhaíocht oircheallach sin costais mhóra a shábháil i gcomparáid le fostáisiúin bhreise amach ón gcósta a thógáil.

— Feadáin chábla sa bhreis a leagan i ndíoga le bheith réidh do mhéaduithe acmhainneachta amach anseo, ós rud é go bhféadfadh costais mhóra agus a lán ama a bheith i gceist le ceadanna nua a fháil sa dara babhta d'obair shibhialta. Ar an gcaoi chéanna, is féidir sócmhainní líonra a dhearadh le bheith réidh le bheith feistithe le ciorcaid bhreise más gá. Is féidir línte a thógáil le cuaillí le haghaidh línte ciorcaid dhúbailte, fiú agus iad feistithe le ciorcad amháin ar dtús.

— Forbairtí chun athléimneacht fhadtéarmach an chórais a mhéadú. Mar shampla, d'fhéadfaí a áireamh leis sin forbairtí líonra chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú (ullmhacht a áirithiú le haghaidh blianta aeráide níos díobhálaí, mar shampla, trí línte a threisiú go struchtúrach).

### 2.2. **An fáth a bhfuil gá le hinfheistíochtaí oircheallacha**

**Tá gá le hinfheistíocht EUR 730 billiún le haghaidh dáileacháin agus EUR 472 mbilliún le haghaidh forbairtí ar eangacha tarchurtha go dtí 2040** ([12]) chun an margadh inmheánach fuinnimh a chur chun cinn agus chun acmhainneacht na n-eangach a leathnú, rud a fhágfaidh gur féidir tionscadail nua giniúna glaine ar ísealchostas imeallach a nascadh, lena mbrúfar anuas na meánphraghsanna leictreachais mórdhíola. Trí infheistíocht in eangacha a mhéadú, is féidir an bille tomhaltóirí a laghdú sa mheántéarma tríd an acmhainneacht is gá a sholáthar chun giniúint nua ísealchostais a

([11]) Infheistíocht chun freagairt ar an ngá atá le hathchóiriú líonra nó ar iarrataí ar nascadh atá ann cheana.

([12]) Tuarascáil chríochnaitheach ón gCoimisiún Eorpach/Trinomics: Riachtanais infheistíochta bhonneagar fuinnimh na hEorpa chun geilleagar dícharbónaithe a chumasú, 2025 (https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/864c619c-e386-11ef-be2a-01aa75ed71a1/language-en?WT.mc_id=Searchresult&WT.ria_c=153343&WT.ria_f=8810&WT.ria_ev=search&WT.URL=https%3A%2F%2Fenergy.ec.europa.eu%2F).

chomhtháthú agus trí chostais fhoriomlána an chórais a ísliú ([13]). Is gné thar a bheith tábhachtach é rochtain ar an líonra agus soláthar fuinnimh inacmhainne, agus an méid sin ar cheann de na dálaí atá riachtanach le haghaidh iomaíochas tionsclaíoch na hEorpa. Tá trí phríomhchúis leis an ngá atá le hinfheistíochtaí den sórt sin a shaothrú ar bhealach oircheallach:

1. Eascraíonn aga tionscanta níos faide as eangacha nach bhfuil toisithe go leor le haghaidh naisc eangaí, rud a chuireann moill ar leictriú agus ar fhoinsí fuinnimh ghlain a chur in úsáid. Is é is cúis leis sin go bhfuil na hamanna forbartha eangaí níos faide ná amanna forbartha na sócmhainní giniúna agus éilimh. Tá tionscadail líonra casta, agus is minic a shíneann siad thar roinnt réigiún nó thar roinnt Ballstát nó tríú tíortha. Cuireann castacht den sórt sin moill ar amanna forbartha tionscadail. Maidir le tionscadail eangaí, is féidir agaí tionscanta 8–10 mbliana a bheith i gceist i gcás tionscadail eangaí dáileacháin, agus níos mó ná 10 mbliana le haghaidh tarchuir ([14]). Thairis sin, mar gheall ar acmhainneacht mhonaraíochta intíre neamhleor, tá praghsanna agus amanna feithimh le haghaidh claochladáin nua agus cáblaí nua méadaithe beagnach faoi dhó i gcomparáid leis an staid in 2021–2022; tógann sé 2–3 bliana chun cáblaí a fháil agus suas le 4 bliana chun claochladáin mhóra chumhachta a aimsiú ([15]). Freastal níos fearr ar infheistíochtaí oircheallacha i bpleanáil líonra, d’fhéadfadh sin na hamanna feithimh foriomlána nasctha a laghdú go mór, agus cabhrú le soláthraithe príomh-chomhpháirteanna a n-acmhainneachtaí monaraíochta a mhéadú agus infheistíochtaí a phleanáil ar bhealach níos fearr.

2. I gcás feidhmeanna áirithe, d’fhéadfadh coigilteas costais in aghaidh an MW ar fhothú acmhainneachta eangaí a bheith ann mar thoradh ar shócmhainní níos mó a thoisiú, agus d’fhéadfadh sé sin foráil a dhéanamh freisin maidir le déileáil níos fearr le soláthraithe teicneolaíochta. Thairis sin, in go leor suíomhanna, **d’fhéadfadh tearc-infheistiú i mbonneagar eangaí a bheith níos costasaí don tsochaí sa mheántéarma** ([16]) ná infheistíochtaí oircheallacha a dhéanamh faoi phróisis rialaithe grinnscrúdaithe agus bainistithe riosca.

3. Ar deireadh, le hinfheistíochtaí oircheallacha, ní cheadaítear ach próiseas ceadúnúcháin amháin a úsáid le haghaidh riachtanais atá ar tí tarlú, chomh maith le riachtanais a bheidh ann amach anseo, agus ar an gcaoi sin cuirtear dlús le forbairt eangaí agus feabhsaítear glacadh an phobail.

## 3. PLEANÁIL FORBARTHA LÍONRA LE HAGHAIDH RIACHTANAIS RÉAMHBHREATHNAITHEACHA

Is é pleanáil líonra an chéad réimse gníomhaíochta. Tá forbairt líonra, ar leibhéal meánvoltais agus ardvoltais ar a laghad, bunaithe ar phleananna forbartha náisiúnta agus ar phleananna infheistíochta náisiúnta. Dá bhrí sin, ní mór pleananna infheistíochta na n-oibreoirí córais a bheith bunaithe ar phleananna forbartha líonra réamhbhreathnaitheacha (PFLanna) lena ndéantar na réitigh líonra is éifeachtúla le haghaidh riachtanais an chórais a mheasúnú, a chainníochtú agus a aimsiú.

### 3.1. Ceanglais agus creat maidir le heangacha a phleanáil

Tá **trí shraith de phleanáil forbartha líonra** ann agus raon feidhme geografach (AE, tarchur, dáileadh) á mheas. Ar leibhéal uile-Aontais, glacann agus foilsíonn ENTSO-E **plean forbartha líonra 10 mbliana uile-Aontais**, ar plean neamhcheangailteach é, gach re bliain agus cuireann sé faoi bhráid ACER é chun tuairim a fháil. Leis an bplean forbartha líonra 10 mbliana, cumhdaítear idirnascadh trasteorann laistigh den Eoraip agus le tríú tíortha, ach cumhdaítear freisin línte inmheánacha a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo. Ceanglaítear le Rialachán GTE-F pleanáil chomhtháite a dhéanamh ar na líonraí leictreachais le líonraí iompróirí fuinnimh eile, lena n-áirítear hidrigin. Tá forbairt chomhpháirteach á déanamh ag ENTSO-E agus ENTSOG ([17]) ar chásanna le haghaidh na bpleananna forbartha líonra 10 mbliana.

([13]) Tuartar sa tuarascáil Eurelectric Grids for speed go dtiocfaidh laghdú 18 % ar na riachtanais infheistíochta iomlána, agus dá bhrí sin, go mbeidh costais chórais ann, má chuirtear straitéisí forbartha nuálacha, *inter alia*, iad sin a chuireann infheistíochtaí oircheallacha san áireamh, i bhfeidhm (https://powersummit2024.eurelectric.org/grids-for-speed/).

([14]) Plean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inacmhainne (*COM(2025) 79 final*) (EUR https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52025DC0079&qid=1741780110418 ).

([15]) An eangach tarchurtha a bheidh ann amach anseo a thógáil — Straitéisí chun dul i ngleic le dúshláin sa slabhra soláthair; IEA, Feabhra 2025 (https://iea.blob.core.windows.net/assets/a688d0f5-a100-447f-91a1-50b7b0d8eaa1/BuildingtheFutureTransmissionGrid.pdf).

([16]) Mar shampla, mheas OCT na hAlban (https://www.ssen-transmission.co.uk/news/news--views/2022/11/the-real-cost-of-having-insufficient-grid/) go sábhálfadh custaiméirí suas le GBP 750 milliún thar an 2 bhliain go leith dá dtógfaí acmhainneacht eangaí choibhéiseach ar chostas thart ar GBP 25 milliún in aghaidh na bliana. San Ostair, mínítear i dtuarascáil ó 2022 go ndéantar costais an chórais a bhaineann le tearc-acmhainneacht na heangaí de níos mó ná EUR 1,5 billiún a fhritháireamh le haghaidh 2040 leis na costais a bhaineann le ró-acmhainneacht eangaí, atá níos lú ná EUR 133 mhilliún. (https://oesterreichsenergie.at/fileadmin/user_upload/Oesterreichs_Energie/Publikationsdatenbank/Studien/2022/Frontier_AIT-OE-Wert_der_Stromverteilnetze-Policy_Paper-Langfassung-28012022.pdf).

([17]) Cuirfear an ENNOH nuabhunaithe in éineacht leo a luaithe a bheidh na cumais ábhartha aige.

Ó 2024 ar aghaidh, cumhdaítear leis an bplean forbartha líonra 10 mbliana **an ghné amach ón gcósta freisin trí na pleananna forbartha líonra amach ón gcósta ar leibhéal imchuach farraige**, bunaithe ar chomhaontuithe neamhcheangailteacha amach ón gcósta maidir le hacmhainneacht giniúna atá beartaithe a chuireann na Ballstáit ar aghaidh gach 2 bhliain. Is iondúil gur de chineál oircheallach iad idirnascairí hibrideacha, ós rud é go mbíonn siad bunaithe de ghnáth ar mheastacháin ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta amach anseo, agus an plean forbartha líonra 10 mbliana agus pleananna forbartha tarchurtha náisiúnta á gcur san áireamh. Sin é an fáth, i gcás na gné amach ón gcósta, go bhfuil pleanáil líonra ar leibhéal an Aontais ag teacht cheana féin leis an ngnáthchur chuige ón mbun aníos maidir le pleanáil le treoir atá bunaithe ar mhachnamh ón mbarr anuas ó na Ballstáit trína n-uaillmhianta neamhcheangailteacha maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ar leibhéal imchuach farraige.

Ar an **leibhéal náisiúnta**, tá sé d'oibleagáid ar oibreoirí eangaí tarchurtha agus dáileacháin a bpleananna forbartha líonra ('PFL') féin a bhunú ar bhonn débhliantúil ar a laghad ([18]). Ar **leibhéal tarchuir**, léirítear sa phlean forbairt an phríomhbhonneagair tarchurtha sna 10 mbliana amach romhainn agus sonraítear ann na hinfheistíochtaí atá le déanamh sna 3 bliana amach romhainn. Ní mór an phleanáil líonra a bheith ailínithe go maith leis na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999, rud a léiríonn forbairtí amach anseo maidir le giniúint agus lód agus forbairt na freagartha ar an éileamh, na solúbthachta agus na réiteach malartach eangaí á mbreithniú. Thairis sin, ar leibhéal tarchuir, ba cheart an plean forbartha líonra a ailíniú go maith leis an bplean forbartha líonra 10 mbliana ar fud an Aontais.

Maidir leis an **leibhéal dáileacháin**, ní mór na hinfheistíochtaí atá beartaithe don chéad 5 bliana go 10 mbliana eile a leagan amach sa phlean, agus béim ar leith á leagan ar an bpríomhbhonneagar dáileacháin is gá chun acmhainneacht giniúna nua agus ualaí nua a nascadh, lena n-áirítear pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha. Ní mór leis an bplean freisin trédhearcacht a sholáthar maidir leis na seirbhísí solúbthachta meántéarmacha agus fadtéarmacha is gá agus roghanna malartacha ar fhorbairt eangaí a mheas (amhail solúbthacht, freagairt ar an éileamh nó teicneolaíochtaí eangaí nuálacha) ([19]).

### 3.2. Feabhsuithe ar phleanáil líonra chun infheistíocht réamhbhreathnaitheach a cheadú

*Dúshláin*

**Bunaithe ar na ceanglais dhlíthiúla atá ann cheana, ba cheart do PFLanna freastal ar fhorbairt éilimh agus soláthair amach anseo ar leibhéal tarchurtha agus dáileacháin araon, rud a d'éascódh imscaradh infheistíochtaí oircheallacha.** Mar sin féin, tá **an leibhéal cur chun feidhme an-éagsúil laistigh den Aontas** ([20]), rud a chuireann bac faoi láthair i roinnt mhaith cásanna ar infheistíochtaí oircheallacha a chur san áireamh i bpleananna líonra.

Cé go mbunaíonn go leor OCTanna a bpleanáil cheana féin ar chásanna ina gcumhdaítear spriocanna fuinnimh agus aeráide i gcás PFLanna tarchurtha, níl sé sin chomh coitianta céanna i gcás OCDanna. Tá sé sin nasctha le staideanna éagsúla i dtíortha, faoi seach, agus is minic nach bhfuil acmhainneacht leordhóthanach ag roinnt OCDanna beaga riachtanais amach anseo a shamhaltú nó go dtairbhíonn siad de dhíolúine mar gheall ar a mbonn íseal custaiméirí.

**In éagmais próisis chomhordaithe iomchuí** i gcruthú cásanna**, méadaítear an baol go mbeidh scrogaill agus moilleanna líonra ann.** Mar shampla, má dhéanann OCD pleananna líonra agus má thugann sé isteach infheistíochtaí oircheallacha lena gcuirtear san áireamh glacadh tapa foinsí fuinnimh in-athnuaite agus leictrea-shoghluaisteachta, teaschaidéil, nó leictriú tionsclaíoch i réigiún, ach nach ndéanann OCT forbairtí den sórt sin a mheas go leormhaith ina chásanna féin, is dócha go n-ídeofar an acmhainneacht eangaí atá ar fáil le haghaidh naisc nua a luaithe a bheidh gá le fostáisiún nua ar an leibhéal tarchurtha sa réigiún sin. Ós rud é go mbíonn tionscadail tarchuir níos casta agus go bhfuil gá le níos mó ama chun iad a thógáil de ghnáth ná tionscadail dáileacháin, d'fhéadfadh sé sin moilleanna móra a chruthú i naisc líonra nua.

([18]) De bhun cheanglais Airteagail 51 agus 32 de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE ('an Treoir maidir le Leictreachas') (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

([19]) Tá obair leanúnach idir OCTanna, OCDanna, ACER agus an Coimisiún mar obair leantach ar an athbhreithniú is déanaí ar Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas ('an Rialachán Leictreachais') in 2024, lena dtugtar sainordú do na húdaráis rialála nó d'údaráis thiomnaithe measúnú débhliantúil a dhéanamh ar riachtanais solúbthachta. Ba cheart modheolaíocht ábhartha, lena mínítear, *inter alia*, an nasc le pleanáil forbartha líonra, a ghlacadh fós in R3 2025.

([20]) Bunaithe ar thaighde an Choimisiúin féin.

*Moltaí ón gCoimisiún*

a) Ba cheart d'Údaráis Rialála Náisiúnta agus/nó d'údaráis na mBallstát a áirithiú go mbeidh **pleananna forbartha líonra bunaithe ar chásanna forbartha amach anseo agus ba cheart dóibh míniú soiléir a thabhairt ar an nasc idir giniúint agus tomhaltas ionchasach amach anseo agus an fhorbairt eangaí atá molta**. Chomh maith leis sin, ba cheart cásanna a ailíniú in aghaidh an leibhéil pleanála, faoi seach, ar a laghad. Na Ballstáit ina n-úsáidtear coincheap na n-infheistíochtaí oircheallacha, is iondúil go bhforbraíonn siad PFLanna bunaithe ar phleanáil cásanna, rud a mheastar a bheith ina dhea-chleachtas ([21]).

b) Sna cásanna a úsáidtear le haghaidh pleanáil forbartha líonra, sainítear na paraiméadair a mbíonn tionchar acu ar na measúnuithe ar riachtanais líonra amach anseo. **Ba cheart cásanna** a fhorbairt tar éis comhairliúchán poiblí agus comhordú leis na Ballstáit/NRAnna **chun ailíniú leis na spriocanna beartais fuinnimh agus aeráide fadtéarmacha náisiúnta a áirithiú (i gcomhréir leis na PNFAnna)** agus breithniú cuimsitheach trédhearcach a dhéanamh ar **ionchur na bpáirtithe leasmhara**. Go sonrach, leis an bpleanáil, ba cheart go mbeifí in ann spriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta a bhaint amach, amhail spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite, téamh agus fuarú (nasc le pleananna áitiúla téimh agus fuaraithe), bonneagar athluchtaithe leictrea-shoghluaisteachta, dícharbónú tionsclaíoch lena n-áirítear trí leictriú nó hidrigin. Ba cheart cásanna a bheith trasearnálach ar an leibhéal náisiúnta freisin, chun gur féidir measúnuithe riosca a dhéanamh agus pleanáil chomhordaithe á breithniú. Ba cheart do PFLanna iliomad cásanna agus anailísí íogaireachta a úsáid chun éiginnteachtaí a chur san áireamh maidir le héileamh agus soláthar amach anseo. **Rud atá tábhachtach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar spriocanna, straitéisí agus pleananna beartais fuinnimh agus aeráide náisiúnta cobhsaí a fhorbairt go tráthúil, ar spriocanna, straitéisí agus pleananna iad lena n-éascaítear cásanna forbartha líonra a fhorbairt.**

c) **Ba cheart d'oibreoirí eangaí a áirithiú gurb iad PFLanna an ionstraim tosaíochta inar cheart infheistíochtaí oircheallacha a áireamh, a mheasúnú agus a fhormheas ar deireadh sa chóras rialála**. Ba cheart PFLanna míniú soiléir a thabhairt ar an gcaoi a bhforbrófar an líonra, rud a chuirfeadh infheictheacht ar fáil d'infheisteoirí agus do shlabhraí soláthair. Is féidir leis an leibhéal mionsonraithe a bheith éagsúil ar fud na leibhéal voltais, ach freisin i bhfianaise an bhoinn custaiméirí i gcás OCDanna ([22]). Mar shampla, ar leibhéal ísealvoltais OCDanna, is dócha go mbeidh eilimintí líonra an-sonrach don tionscadal, agus riachtanais agus saintréithe á gcur in oiriúint do riachtanais gach úsáideora líonra.

d) **Agus infheistíochtaí nuathógtha á bpleanáil acu, ba cheart d'oibreoirí eangaí réitigh a mheas, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí méaduithe féideartha a dhéanamh ar an acmhainneacht amach anseo, agus sócmhainní á n-ullmhú acu le haghaidh leathnú amach anseo**. D'fhéadfadh sé sin dlús mór a chur le forbairt fhoriomlán na heangaí ó thaobh trédhearcachta, infheictheachta agus ceadaithe de. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh feidhmeanna coincréite le níos mó spáis a leithdháileadh le haghaidh fostáisiún, piolón nó claochladán nó cuaillí níos mó a shuiteáil (lena gceadaítear ciorcaid bhreise amach anseo ar an líne), nó feadáin cáblaí spártha a chur síos i ndíoga.

e) D'fhéadfadh na Ballstáit agus/nó NRAnna breithniú a dhéanamh **ar thréimhse leordhóthanach réamhbhreathnaitheach a thabhairt isteach le haghaidh na pleanála mionsonraithe líonra nó, más amhlaidh an cás, le haghaidh phleananna infheistíochta na n-oibreoirí córais, chun infheistíochtaí oircheallacha a chur san áireamh agus a fhormheas.**D'fhéadfadh sé sin cuidiú le scrogaill sa slabhra soláthair a sheachaint agus rannchuidiú leis an gcuspóir an slabhra luacha monaraíochta a choinneáil san Eoraip, i gcomhréir freisin leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta.

f) **Tá gá le tuilleadh iarrachtaí freisin chun comhordú a dhéanamh i measc na sraitheanna de phleanáil líonra, chun a áirithiú go ndéanfar sócmhainní a phleanáil ar bhealach costéifeachtach.** Is féidir leis na Ballstáit nó leis na ÚRNanna é sin a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus, a mhéid is féidir, ar an leibhéal réigiúnach, mar shampla trí ailíniú a cheangal maidir le huainiú na PFLanna nó **trí chomhordú na n-ionchur (cásanna)** a úsáidtear ar fud na leibhéal pleanála. Faoi láthair, tá gá le gach plean ar bhonn débhliantúil ar a laghad, ach níl aon cheanglas ann maidir lena seicheamhú ná lena n-idirnaisc, rud a fhágann go bhfuil neamhéifeachtúlachtaí ann. Tá anailís á déanamh ag an gCoimisiún Eorpach ar ghníomhaíocht bhreise a d'fhéadfaí a dhéanamh faoin bPacáiste um na hEangacha atá ar na bacáin. Tugtar aghaidh ar phleanáil líonra freisin sa dréachtchód líonra maidir le freagairt don éileamh, mar a chuir ACER faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí an Mhárta 2025. Tá sé beartaithe ag ACER freisin treoir a eisiúint maidir le pleananna forbartha líonra dáileacháin faoi lár 2025.

([21]) Moltaí ACER/CEER maidir le hinfheistíocht oircheallach (https://www.acer.europa.eu/news-and-events/news/acer-and-ceer-provide-recommendations-anticipatory-investments-accelerate-grid-expansion-energy-transition) agus tuarascáil ACER maidir le Meastóireacht Infheistíochta, Measúnú Riosca agus Dreasachtaí Rialála le haghaidh Tionscadail Líonra Fuinnimh (https://acer.europa.eu/sites/default/files/documents/Publications/ACER_Report_Risks_Incentives.pdf).

([22]) I gcomhréir le hAirteagal 32 den Treoir maidir le Leictreachas, ní gá do OCDanna atá níos lú ná 100 000 custaiméir PFLanna a ullmhú.

### 3.3. Córas grinnscrúdaithe le haghaidh PFLanna

*Dúshláin*

Is minic nach bhfuil infheistíochtaí oircheallacha beartaithe agus nach n-áirítear iad i PFLanna ón tús faoin toimhde go ndéanfaí iad a chaitheamh amach níos déanaí sa phróiseas grinnscrúdaithe. Ina theannta sin, in go leor cásanna, fiú má mholtar é in PFLanna nó i bpleananna infheistíochta, d'fhéadfadh cleachtas measúnaithe na n-údarás rialála náisiúnta ar infheistíochtaí oircheallacha a bheith ina bhac má tá measúnú den sórt sin bunaithe, mar shampla, ar chásanna ina nglactar toimhdí éagsúla nó ina seiceáiltear amlínte atá éagsúil leis na cinn a úsáidtear le haghaidh na bpleananna líonra, go príomha, a mhéid a bhaineann le cuspóirí dícharbónaithe nó comhtháthú fuinnimh in-athnuaite. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin nuair nach gcuirtear leibhéal agus coinníollacha an ghrinnscrúdaithe rialála ar bun go trédhearcach roimh ré.

**Tá cleachtais éagsúla ann** chun tacú le hiarrachtaí grinnscrúdaithe. Mar shampla, sa Laitvia, déanann an t-údarás rialála náisiúnta meastóireacht ar chomhsheasmhacht na bpleananna forbartha líonra tarchuir leis an bplean forbartha líonra 10 mbliana ar fud an Aontais, agus go háirithe ar phlódú in idirnascairí trasteorann a chosc. Sa Phortaingéil, eisíonn NRA Tuairim maidir leis na dréacht-PFLanna, a bheidh le breithniú ag na hoibreoirí córais sa leagan deiridh. San Ostair, tacaíonn NRA le hiarrachtaí grinnscrúdaithe le measúnuithe cáilíochta agus costais arna ndéanamh ag iniúchóirí sula gcuirtear infheistíocht san áireamh sa bhonn sócmhainní rialála. I roinnt mhaith Ballstát, déanann na NRAnna measúnú ar na PFLanna ar an iomlán, agus díríonn siad a n-aird ghrinnscrúdaithe ar thionscadail ardinfheistíochta agus ar chláir infheistíochta, a gceanglaítear anailísí costais is tairbhe ina leith ([23]).

Dea-chleachtais maidir le pleanáil forbartha líonra chun infheistíochtaí oircheallacha a chumasú:

| | |
|---|---|
| An Ostair | Ullmhaíonn an aireacht fheidearálach aeráide, fuinnimh agus soghluaisteachta plean comhtháite forbartha líonra, lena n-áirítear leictreachas agus gáis araon, bunaithe ar chásanna coiteanna forbartha amach anseo lena ngabhtar tréimhse 2030 agus 2040 araon. Ní mór do PFL an OCT an plean sin a mheas ionas go mbeidh an bonneagar líonra atá beartaithe ag teacht leis na riachtanais a bheidh ann amach anseo. |
| An Bheilg | Déantar freastal ar fhorbairt na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta in PFLanna, atá bunaithe ar chásanna ina gcuirtear spriocanna fuinnimh agus aeráide náisiúnta agus AE san áireamh. |
| An Danmhairg | Spriocanna 2050 arna mbreithniú go hiomlán i bpleanáil líonra le toimhdí maidir leis na cásanna atá le húsáid ar bhonn uilechoiteann ag na hoibreoirí córais agus ag Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge. |
| An Fhrainc | Oibleagáid ar úsáideoirí eangaí fógra a thabhairt d'oibreoir na heangaí maidir le pleananna amach anseo chun iad a chur san áireamh agus iad á bpleanáil. Tá creat rialála (S3REnR) ([24]) curtha i bhfeidhm ag an bhFrainc le haghaidh pleanáil forbartha líonra lena gcomhtháthaítear go cuimsitheach forbairt an táirgthe fuinnimh in-athnuaite trí thionscadail forbróirí in-athnuaite a chomhordú, trí phleanáil líonra agus trí chostais a fhrithpháirtiú. Tá sé sin bunaithe ar an **dearbhú ó fhorbróirí fuinnimh in-athnuaite maidir le tionscadail a bhfuiltear a bhfuil coinne leo** ar shuíomh gréasáin tiomnaithe. Ar an gcaoi chéanna, tá '**criosanna dícharbónaithe**' curtha ar bun ag an bhFrainc, moil thionsclaíocha ina meastar go dtiocfaidh éileamh tábhachtach ar leictreachas amach anseo in ionad tomhaltas gáis nádúrtha. |
| An Ghearmáin | Cásanna comhpháirteacha le haghaidh oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin, arna gcur san áireamh i bhforbairt eangaí amach anseo. Is pleananna forbartha líonra iad OCDanna réamhbhreathnaitheacha, ardvoltais agus meánvoltais a ullmhaíonn agus a fhoilsíonn PFL le chéile don tréimhse 10 mbliana atá le teacht, go bliantúil. Comhordaíonn siad i 6 réigiún pleanála. Tréimhse gabhála cásanna go dtí 2045. |
| An Phortaingéil | Ní mór PNFAnna a léiriú sna PFLanna, agus ní mór don phleanáil líonra freastal ar riachtanais aeráide. Maidir le PFL dáileacháin, tá trí chás maidir le héileamh ar leictreachas ann le haghaidh 2024–2031, agus cás lárnach (1,1 % fás bliantúil) mar thagairt. Breithníonn PFL dáileacháin solúbthacht agus roghanna eangaí malartacha eile. Fágann fostáisiúin nua spás le haghaidh inscálaitheachta agus úsáideoirí líonra amach anseo. Tógtar línte nua ciorcaid amháin le cuaillí atá oiriúnach do chiorcad dúbailte freisin. |

([23]) Seasamh maidir le hinfheistíochtaí oircheallacha; ACER agus CEER, Márta 2024 (https://www.acer.europa.eu/sites/default/files/documents/Position%20Papers/ACER-CEER_Paper_anticipatory_investments.pdf).

([24]) Schéma Régional de Raccordement au Réseau des Énergies Renouvelables (https://www.doubs.gouv.fr/contenu/telechargement/39931/270753/file/S3RENR%20ET%20CAPACITES%20RESEAUX%20ENEDIS.pdf).

*Moltaí ón gCoimisiún*

a) **Ba cheart do NRAnna grinnscrúdú rialála cuí ar PFLanna a áirithiú chun measúnú agus cuimsiú infheistíochtaí oircheallacha a éascú trína áirithiú go bhfuil siad bunaithe ar chásanna iomchuí agus go bhfuil nasc soiléir idir PFLanna agus formheas infheistíochtaí nó na bpleananna infheistíochta breise.** Mura ndéantar infheistíochtaí a fhormheas go díreach in obair leantach ar PFL, ar mhaithe le trédhearcacht, ba cheart, ar a laghad, an mhodheolaíocht le haghaidh formheas infheistíochta a áireamh sa PFL.

b) I gcás inar gá, ba cheart do na NRAnna na cleachtais atá acu cheana a oiriúnú a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le leasú na PFLanna, mar shampla a mhéid a bhaineann le riachtanais a bheidh ann amach anseo a léiriú, chun go mbeidh na PFLanna in ann a bheith ina **bhfíoruirlisí pleanála infheistíochta** lena réamh-mheastar tairbhí agus riachtanais an chórais don todhchaí agus lena bhfreastalaítear orthu.

## 4. INFHEISTÍOCHT OIRCHEALLACH A CHEADÚ AGUS BILLÍ LEICTREACHAIS A CHOINNEÁIL INACMHAINNE SAN AM CÉANNA

*Dúshláin*

Le tuilleadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, leictriú an gheilleagair, agus foinsí nua éilimh amhail lárionaid sonraí agus leictrealóirí, **tá gá leis na leibhéil infheistíochta eangaí leictreachais a mhéadú i gcomparáid leis an am a chuaigh thart** ([25]). Sa bhreis ar riachtanais infheistíochta bhliantúla fhoriomlána níos airde, d'fhéadfadh sé go n-éileodh infheistíochtaí oircheallacha cuid de na riachtanais infheistíochta sin a thús-ualú san am i láthair. Is dúshlán é sin maidir leis an infheistíocht is gá a dhéanamh chun úsáideoirí líonra nua a nascadh agus leictreachas a iompar i gcás inar gá, agus billí inacmhainne á gcoinneáil ar bun do thomhaltóirí san am céanna.

San am céanna, mar gheall ar an scála sin, **ní mór d'oibreoirí córais cothromas agus fiachas nua mór a chruinniú** chun a bpleananna infheistíochta a mhaoiniú. Teastaíonn luach saothair iomaíoch uathu atá bunaithe ar thoradh réasúnta agus ar intuarthacht maidir le tuilleamh amach anseo chun a rochtain éifeachtúil ar na margaí airgeadais a éascú chun na cistí infheistíochta a fháil.

Tá gá le gníomhaíocht i réimsí shocrú na dtaraifí líonra, na muirear nasctha líonra agus an ghrinnscrúdaithe rialála agus an tsainmhínithe ar dhreasachtaí.

### 4.1. Taraifí gréasáin

**Is éard atá i dtaraifí líonra na praghsanna a íocann úsáideoirí líonra as leictreachas a iompar** ón bpointe táirgthe go dtí an áit a n-úsáidtear an leictreachas. **Príomhchuspóir de tharaifí líonra is ea an aisghabháil costas** is gá a cheadú le haghaidh infheistíocht líonra i sócmhainní in eangacha tarchurtha agus dáileacháin agus i méadair chliste, agus tacú leis na costais a bhaineann le seirbhísí córais a reáchtáil. Foráiltear leis an Rialachán maidir le Leictreachas (Airteagal 18) nach mór muirir líonra a bheith costas-léiritheach, dreasachtaí iomchuí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a sholáthar lena n-áirítear infheistíochtaí oircheallacha, agus comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite, solúbthacht, réitigh optamaithe le haghaidh na n-eangach atá ann cheana a chothú, agus rannchuidiú le cuspóirí PNFA.

*Moltaí ón gCoimisiún*

a) **Ba cheart taraifí líonra na struchtúir chostais a léiriú sa ghearrthéarma** (amhail caillteanais líonra agus costais brú tráchta) **agus san fhadtéarma**, lena n-áirítear na costais infheistíochta forbartha bonneagair atá beartaithe. I bhformhór na ndlínsí, tá an chumhacht deonaithe go dlíthiúil ag NRA an mhodheolaíocht taraife a shocrú nó a fhormheas.

b) Ní mór aird ar leith a thabhairt ar leithdháileadh costas i measc grúpaí tomhaltóirí, arna leagan síos ag NRA, de réir mar a fhorbraíonn an córas fuinnimh. Mar phrionsabal ginearálta, áfach, ba cheart muirear a ghearradh ar gach úsáideoir líonra as na seirbhísí líonra a sholáthraítear dóibh. Le grinnscrúdú rialála cuí, ba cheart a áirithiú go mbeidh na costais a chumhdaíonn tomhaltóirí trí tharaifí líonra ag teacht le riachtanais an líonra amach anseo.

c) I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inacmhainne, i gcás inarb ábhartha i gcásanna spriocdhírithe, d'fhéadfadh na Ballstáit úsáid a bhaint as a mbuiséad poiblí chun muirir líonra a laghdú chun na costais bhreise a eascraíonn as infheistíochtaí móra líonra a chumhdach atá riachtanach chun dlús a chur leis an dícharbónú agus le comhtháthú an mhargaidh, i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair agus le dlí na

([25]) Luadh sa tuarascáil 'Eurelectric Grids for speed' infheistíochtaí bliantúla de thart ar EUR 36 bhilliún i líonraí dáileacháin in 2023, agus meastar sa tuarascáil infheistíochta ón gCoimisiún nach mbeidh ach EUR 44 bhilliún in aghaidh na bliana ann faoi 2034 (CAI atá le teacht), agus go mbeidh méadú ag teacht air faoi 2040.

hiomaíochta. **D'fhéadfadh na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin ar an rogha ioncam ó phlódú a úsáid chun infheistíochtaí oircheallacha** ([26]) a mhaoiniú chun an t-ualach foriomlán ar an gcóras taraifí a mhaolú. D'fhéadfadh iasachtaí stáit ar fhorbairt bonneagair a aisíoctar ar an ráta úsáide sócmhainní iarbhír a bheith ina rogha eile (féach sampla na Sualainne i Roinn 4.3). Thairis sin, d'fhéadfadh ráthaíochtaí Stáit rannchuidiú le hinfheistíocht oircheallach a mhaoiniú ar bhealach níos fearr i gcásanna ina bhfuil an infheistíocht nua is gá ró-ard i gcomparáid leis an mbonn sócmhainní rialála atá ann cheana nó le cóimheas fiachais na gcuideachtaí.

Mar a shainordaítear sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inacmhainne, cuirfidh an Coimisiún treoir ar aghaidh maidir le taraifí líonra, lena n-áirítear úsáid ghaolmhar an bhuiséid phoiblí, faoi R2 2025, agus Straitéis Infheistíochta Fuinnimh Ghlain in 2025 freisin.

### 4.2. **Táillí ceangail**

Is é príomhsprioc na muirear nasctha eangaí costas na sócmhainní, idir nua nó uasghrádaithe, atá riachtanach chun úsáideoirí líonra a nascadh a aisghabháil. Dá bhrí sin, tá ról bunúsach ag a ndearadh in aisghabháil costas infheistíochtaí oircheallacha. Maidir le taraifí líonra, sa bhreis ar aisghabháil costas, **is féidir muirir nasctha a dhearadh freisin chun iompar atá fabhrach don chóras ag úsáideoirí líonra a dhreasú**.

*Moltaí ón gCoimisiún*

a) **Is féidir le muirir nasctha arna leagan síos ag na NRAnna cuidiú le costais a aisghabháil chun tionscadail úsáideoirí líonra a nascadh ar bhealach níos cliste.** Is féidir dearaí cliste le haghaidh muirir nasctha agus a leibhéil a úsáid chun iarrataí ar nascadh a dhreasú i gcás inarb iomchuí don chóras, amhail táillí nasctha níos ísle (**éadoimhne**) **a sholáthar i limistéir ina ndearnadh infheistíochtaí oircheallacha líonra**, agus táillí nasctha (doimhne) níos airde ina gcinneann úsáideoirí líonra tionscadail a fhorbairt i limistéir phlódaithe, d'ainneoin nach bhfuil sé beartaithe an méid sin a dhéanamh. D'fhéadfadh sé sin úsáideoirí líonra a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála (oircheallach) agus chun tionscadail a mholadh in áiteanna atá fabhrach don chóras.

b) **Thairis sin, ba cheart a mheas sna muirir nasctha i réimsí infheistíochta oircheallacha, cé go bhféadfadh tearcúsáid a bheith á baint as na sócmhainní líonra ar dtús, go bhféadfaí a bheith ag súil le líon mór nasc nua amach anseo**. Dá gcuirfí ró-ualach ar na tomhaltóirí luatha i limistéir den sórt sin ina bhfuil táillí arda nasctha, d'fhéadfaí an bonn a bhaint dá gcás gnó maidir le suíomh sa limistéar sin, agus na costais orthu a chur go héagórach orthu i gcás ina nasctar iad.

c) I gcás ina bhfuil infheistíochtaí oircheallacha an-mhór, **is féidir le straitéisí iarchurtha tionchair láithreacha costais ar thomhaltóirí a mhaolú**. Úsáid **táillí áirithinte caighdeánaithe** (e.g. in aghaidh MW) atá ina sciar den chostas réamh-mheasta (domhain) iomlán arna roinnt ar mhéid ionchasach éileamh na n-úsáideoirí amach anseo, d'fhéadfaidís sin a bheith ina n-uirlisí éifeachtacha chun a áirithiú go n-éireoidh le húsáideoirí líonra ionchasacha a dtionscadail a chur in úsáid i limistéir mar atá beartaithe in PFLanna. Mar shampla, éascaíonn Éire bunú Mol In-athnuaite a fhaigheann tacaíocht ó **mhodheolaíocht luchtaithe bunaithe ar nasc in aghaidh an mheigeavoltaimpéir (MVA)** ([27]). Chun costais arda nasctha do dhaoine luatha a sheachaint, bunaítear le roinnt córas náisiúnta **córais aisíocaíochta** nó modhanna comhroinnte costas idir úsáideoirí líonra ([28]).

d) San am céanna, **d'fhéadfaí cosc a chur ar bhealach níor fearr ar na rioscaí a bhaineann le tearcúsáid tosaigh na sócmhainne dá dtabharfadh na Ballstáit isteach, san am céanna, rialacha an-soiléir maidir le hiarrataí ar nascadh, lena socrófaí uastréimhsí le haghaidh nascadh, mar aon le hoibleagáidí soiléire d'oibreoirí eangaí agus d'úsáideoirí eangaí araon**. Mar a leagtar síos sa Phlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch d'earnáil mótarfheithiclí na hEorpa, cuirfidh an Coimisiún Eorpach moltaí níos leithne chun cinn maidir le hiarrataí ar nasc a láimhseáil faoi dheireadh 2025.

### 4.3. **Grinnscrúdú rialála ar infheistíochtaí agus dreasachtaí sa líonra**

*Dúshláin*

Tá grinnscrúdú rialála ar fhorbairt líonra ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh infheistíochtaí costéifeachtach agus go mbeidh bonn cirt leo, agus go mbeidh billí leictreachais inacmhainne i gcónaí. Mar a luadh roimhe seo i roinn 3.3, **ba cheart grinnscrúdú rialála ar infheistíochtaí oircheallacha a dhéanamh go príomha le linn chéim na pleanála,** agus meastóireacht á déanamh ar phleananna líonra nó infheistíochta na n-oibreoirí eangaí, faoi seach (a áirítear sa PFL nó ar leithligh). Rud atá tábhachtach**, ba cheart tús a chur le PFLanna cheana féin, ós rud é gur cheart iad sin an bonn anailíseach a sholáthar le haghaidh cinntí infheistíochta.**

([26]) I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2019/943.

([27]) Treoirthionscadal maidir le Moil In-athnuaite — Páipéar Cinnidh; CRU, Samhain 2023 (https://cruie-live-96ca64acab2247eca8a850a7e54b-5b34f62.divio-media.com/documents/CRU2023131_Renewable_Hubs_Pilot_Decision_1.PDF).

([28]) Modheolaíochtaí taraifí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais san Eoraip; ACER, Eanáir 2023 (https://www.acer.europa.eu/sites/default/files/documents/Publications/ACER_electricity_network_tariff_report.pdf).

*Moltaí ón gCoimisiún*

a) **Ba cheart do NRAnna rialacha tosaigh soiléire a thabhairt isteach maidir le formheas costais infheistíochtaí oircheallacha. Bunaithe ar phleanáil an líonra, ba cheart do NRAnna meastóireacht a dhéanamh ar chaillteanais leasa a d'fhéadfadh a bheith ann ó chur chun feidhme 'róluath' seachas 'ródhéanach' na dtionscadal atá le cur san áireamh sa phróiseas formheasa infheistíochta.** Ba cheart a áirithiú leis sin go dtugtar an chóir chéanna d'infheistíochtaí oircheallacha agus a thugtar d'infheistíochtaí eile, agus freastal á dhéanamh san am céanna ar a ngné shonrach ó thaobh dáileadh riosca de. Ba cheart an próiseas grinnscrúdaithe a chothromú go cúramach. I dtéarmaí praiticiúla, ciallaíonn sé sin, mar shampla, cleachtais ródhian a sheachaint amhail an oibleagáid atá ar thionscadail a luach a chruthú i gcás an iomarca cásanna nó cásanna atá ró-éagsúil. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go sonrófaí leis na rialacha líon teoranta cásanna nithiúla inar sainaithníodh an gá le hinfheistíocht, mar is amhlaidh i láthair na huaire leis an bplean forbartha líonra 10 mbliana agus le próiseas roghnúcháin PCInna/PMInna faoi Rialachán GTE-F, atá bunaithe ar thrí chás a dtugtar tosaíocht do phríomhchás amháin díobh sa mheasúnú.

b) **Ina theannta sin, a luaithe a dhéanfar measúnú dearfach ar thionscadail a mholtar sna PFLanna nó sna pleananna infheistíochta agus a luaithe a thabhaítear costais (fhormheasta) a bhfuil údar cuí leo, ba cheart a mbreithniú *ex post* a bheith gan cheistiú ó thaobh riaracháin de.** I gcás sócmhainní a tógadh, níor cheart do NRA a n-áireamh sa bhonn sócmhainní rialála a cheistiú i gcás athruithe neamhthuartha ar úsáid iarbhír na sócmhainní líonra in aghaidh ionchais shamhaltaithe. **Ba cheart na córais rialála cobhsaíocht agus cinnteacht a áirithiú in infheistíochtaí a dhéantar, agus ba cheart dreasachtaí a thabhairt isteach** chun oibreoirí córais a spreagadh chun a ndícheall a dhéanamh chun an éiginnteacht a mhaolú (amhail rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i gcruthú cásanna a fheabhsú a thuilleadh). D'fhéadfadh **pionóis** *ex post* ar oibreoirí córais as úsáid iarbhír sócmhainní líonra atá éagsúil leis an ionchas tráth a ndearnadh measúnú ar an infheistíocht oircheallach a bheith ina ndídhreasacht mhór d'infheistíochtaí amach anseo. A luaithe a fhormheasann an t-údarás rialála cinneadh infheistíochta oircheallaí, ba cheart a mheas go gcomhlíonann sé ceanglais láidre pleanála agus cinnteoireachta.

c) Lasmuigh de ghníomhaíochtaí grinnscrúdaithe sonracha le haghaidh tionscadail nó cláir, is féidir le NRAnna **tagarmharcáil éifeachtúlachta** a úsáid freisin chun cost-éifeachtúlacht a spreagadh. Tá sé tábhachtach, agus é sin á dhéanamh acu, gur infheistíochtaí oircheallacha atá sna cleachtais sin agus, dá bhrí sin, nach mbeidh siad bunaithe ar fhaisnéis stairiúil ná ar éifeachtacht ghearrthéarmach amháin. Murach sin, léireodh feidhmíocht choibhneasta na n-oibreoirí córais a dhéanann infheistíochtaí oircheallacha feidhmíocht dhiúltach agus, dá bhrí sin, mídhreasachtaí.

d) **Is cuid mhór den ioncam ceadaithe a úsáidtear chun taraifí a shocrú é an dímheas, arna shocrú ag na NRAnna**. Trí phróifílí dímheasa a choigeartú, is féidir an tionchar gearrthéarmach ar tharaifí a bhíonn ag costais infheistíochta oircheallaí a laghdú. De ghnáth, déantar sócmhainní líonra a dhímheas go líneach thar a saolré úsáide. Ós rud é go bhféadfadh sócmhainní tearcúsáidte ar dtús a bheith mar thoradh ar infheistíochtaí oircheallacha, d'fhéadfadh arduithe tobanna taraifí a bheith mar thoradh láithreach ar an gcostas dímheasa iomlán a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí. **I gcás ina meastar gur gá agus go bhfuil údar leis, d'fhéadfaí dímheas a shiarchoinneáil chun níos mó aisghabhála costas a aistriú chuig blianta amach anseo ina mbeidh bonn tomhaltóirí níos airde agus úsáid sócmhainní níos airde, rud a chuirfeadh feabhas ar an gcás infheistíochta gan ualach díréireach a chur ar thomhaltóirí atá ann faoi láthair.** Féadfaidh na húdaráis rialála tús an dímheasa a chur siar freisin go dtí go sroichfear leibhéal áirithe úsáide sócmhainní nó éilimh sócmhainní, rud a réiteoidh aisghabháil costas le himeacht ama agus a dhéanfaidh ailíniú níos fearr le húsáid iarbhír an chórais agus le tairbhe an tomhaltóra. Mar sin féin, **ní mór na cineálacha cur chuige sin a chothromú in aghaidh an cháis infheistíochta d'oibreoirí mar gheall ar an tréimhse mhéadaithe toraidh infheistíochta**, go háirithe ó thaobh maoinithe agus sreafa airgid de, agus infheistíochtaí níos airde a bheith ann roimh ré agus ioncaim ag teacht níos déanaí. D'fhéadfadh sé sin riosca creidmheasa a mhéadú agus costas caipitil níos airde nó drogall chun infheistíochtaí oircheallacha a mhaoiniú a bheith mar thoradh air sin.

e) Ar deireadh, **d'fhéadfadh uasteorainneacha infheistíochta arna gcur i bhfeidhm ag na NRAnna, chomh maith le moilleanna ar aitheantas costais, bac a chur ar infheistíochtaí oircheallacha freisin agus ba cheart deireadh a chur leo más ann dóibh**. Má tá aitheantas costais nasctha le ráta úsáide coincréiteach na sócmhainne, d'fhéadfadh sé infheistíochtaí oircheallacha a dhídhreasú go mór. Ar an gcaoi chéanna, mura n-áirítear tionscadail mhóra infheistíochta sa bhonn sócmhainní rialála ach amháin nuair a bheidh siad coimisiúnaithe go hiomlán, d'fhéadfadh dídhreasachtaí a bheith ann mar thoradh ar iad a mheas fiú, má tá an riosca a bhaineann le maoiniú foluiteach ró-ard. Maidir le huasteorainneacha infheistíochta in aghaidh na bliana, tá sé sin ag teacht salach go díreach ar an ngá le hinfheistíocht níos mó agus d'fhéadfadh sé nach gcuirfí san áireamh leis go bhféadfadh réamhinfheistíocht a bheith níos éifeachtúla ná fanacht go dtiocfaidh an t-éileamh chun cinn, mar a luadh roimhe seo.

Samplaí de roinnt de na cleachtais lena gcumasaítear infheistíochtaí oircheallacha:

| | |
|---|---|
| An Ostair | Tá oibreoirí córais i dteideal brabúis cheana féin roimh choimisiúnú an tionscadail. Le marcáil suas ar uasteorainneacha ioncaim, is féidir sruth ioncaim breise a bheith ann. |
| An Bheilg | Tá oibreoirí córais i dteideal brabúis cheana féin roimh choimisiúnú an tionscadail, agus iad á gcuimsiú de réir a chéile sa Bhonn Sócmhainní Rialála. |
| An Danmhairg | Infheistíocht oircheallach arna saothrú bunaithe ar an anailís íogaireachta in PFL agus san anailís costais is tairbhe shocheacnamaíoch. Préimh riosca in ioncam rialáilte chun na caillteanais a chumhdach sna cásanna neamhchoitianta ina bhfuil an tsócmhainn tearcúsáidte / tréigthe ar deireadh. |
| An Ghearmáin | Déanann OCDanna leathnú ar an líonra oircheallach freisin, ar bhonn cás ar chás. Is féidir dímheas speisialta a úsáid chun sócmhainní tréigthe a dhímheas, má tharlaíonn cás den sórt sin. Cúitítear rioscaí iarmharacha leis an bpréimh riosca margaidh laistigh den ráta barúlach sochair ar chothromas. Le marcáil suas ar uasteorainneacha ioncaim, is féidir sruth ioncaim breise a bheith ann. |
| Éire | Moil in-athnuaite arna sainaithint ag na hoibreoirí córais a thógáil roimh ré, bunaithe ar thionscadail a bhfuil coinne leo, ar an acmhainneacht giniúna atá ar fáil, ar acmhainneacht eangaí réamhtheachtach atá ar fáil agus/nó ar thosca eile. I gcás na mol píolótach sin, meastar go ndéanfar infheistíocht oircheallach (e.g. claochladáin uasghrádaithe ag fostáisiúin). |
| An Phortaingéil | Samhail TOTEX, tá infheistíocht nua a áirítear *ex ante* sa bhonn sócmhainní rialála bunaithe ar PFL. |
| An tSualainn | Iasachtaí treisithe eangaí ([29]): glacann an Stát an riosca airgeadais don chuid sin d'atreisiú na heangaí nach n-úsáidtear sa chéim thosaigh. Aisíoctar an iasacht i gcomhréir le húsáid. |

### 4.4. **Rioscaí a mheastar a bheith ann agus straitéisí maolaithe riosca**

*Dúshláin*

**I bhfianaise a gcineáil, is féidir leibhéil éagsúla riosca a bheith ag gabháil le hinfheistíochtaí oircheallacha**. Is féidir sócmhainní tréigthe a bheith ann i gcás ina ndéantar tionscadal eangaí a choimisiúnú agus, d'ainneoin na hanailíse nuair a rinneadh an infheistíocht, go bhfuil sé neamhúsáidte ar deireadh toisc nach dtagann an ghiniúint ná an t-éileamh a bhfuil coinne leo chun cinn. D'fhéadfadh riosca tromchúiseach a bheith ag baint le **sócmhainn tréigthe**, ós rud é go n-íocfaidh tomhaltóirí, trí tharaifí líonra, cuid dá mbillí leictreachais, as costas infheistíochta nach dtugann aon tairbhe dóibh. Mar sin féin, tá an riosca sin teoranta i gcás ina léirítear an gá leis an líonra trí bhíthin cásanna éagsúla, rud a thugann údar leis an gcás gur rídhóchúil go n-iarrfar naisc eangaí, fiú más éagsúil na húsáideoirí líonra a dhéanann an iarraidh leis na húsáideoirí a tuaradh ar dtús. Is minic a bheidh **riosca teoranta** den sórt sin **i limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite**, i **limistéir bhonneagair eangaí agus stórála** is gá chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais ([30]), **i limistéir le haghaidh bonneagar athluchtaithe feithiclí leictreacha** atá inrochtana don phobal feadh ghréasán TEN-T ([31]), **i moil thionsclaíocha ísealcharbóin atá ag teacht chun cinn** (lena n-áirítear saoráidí hidrigine) agus i limistéir ina bhfuil naisc leictrithe chomhchruinnithe á gcur chun cinn, amhail calafoirt agus lárionaid uirbeacha ina gcuirtear leictrea-shoghluaisteacht agus téamh agus fuarú leictrithe chun cinn go forleathan.

Ar deireadh, d'fhéadfadh rioscaí eile a bheith ann nach bhfuil chomh dian céanna, ach atá níos coitianta. Na húsáideoirí líonra a bhfuil coinne leo sna cásanna, d'fhéadfadh go ndéanfaidís iarrataí ar nascadh, ach tógann sé sin níos faide ná mar a measadh ar dtús. Mar thoradh air sin, tá baol ann go mbainfear **tearcúsáid as cuid de na sócmhainní líonra ar dtús**.

([29]) D'fhormheas an Coimisiún Eorpach an cinneadh, faoi seach, maidir le Státchabhair SA.38918 (https://ec.europa.eu/competition/state_aid/cases/255685/255685_1664987_53_2.pdf).

([30]) Arna ainmniú ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj)).

([31]) Arna chur in úsáid i gcomhréir le Rialachán TEN-T (Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj)).

*Moltaí ón gCoimisiún*

a) **Tá measúnú riosca fíor-riachtanach agus ba cheart é a dhéanamh i gcéim shainiú agus anailísiú an cháis**. Ba cheart do NRAnna agus/nó d'údaráis na mBallstát rialacha soiléire a bhunú don mheasúnú sin agus ba cheart d'oibreoirí eangaí iad a chur i bhfeidhm dá réir sin. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar rioscaí maidir le forbairt líonra i bhfianaise na gcostas agus na dtairbhí a bhraitheann tomhaltóirí agus in aghaidh cásanna frithfhíorasacha malartacha i gcás nach leathnaítear an líonra luath go leor roimh ré agus, dá réir sin, go méadóidh deischostais shochaíocha. Ba cheart tacú le hinfheistíochtaí trína n-áireamh i gcásanna réamhshonraithe.

b) **D'fhéadfaí rioscaí a mhaolú freisin trí mheastóireacht 2 chéim a dhéanamh ar mhórthionscadail forbartha líonra**. Is éard atá i gceist leis an gcur chuige sin, ar an gcéad dul síos, formheas rialála na gcostas maidir le gníomhaíochtaí réamhthógála (i.e. dearadh agus ceadú), agus ar an dara dul síos, tógáil, a luaithe a dheimhnítear a thuilleadh é le babhta eile PFL nó le forbairtí eile, lena n-áirítear torthaí nósanna imeachta tairisceana foinsí fuinnimh in-athnuaite. Chomh maith le costais bháite a chosc, fágann sé sin gur féidir tionscadail a fhorbairt níos tapúla le costais theoranta.

c) **D'fhéadfadh ról a bheith ag na Ballstáit maidir le cuid den infheistíocht a dhí-rioscú agus sócmhainn an líonra á tearcúsáid**. Chomh maith le córais oiriúnaithe maidir le brabús agus muirir nasctha oiriúnaithe mar a luadh roimhe seo, d'fhéadfadh úsáid an chistithe phoiblí atá ar fáil chun infheistíocht a mhaoiniú an t-ualach foriomlán atá le hiompar ag taraifí líonra a mhaolú, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair, mar aon leis na rialacha maidir le Státchabhair agus le dlí na hiomaíochta, mar a luaitear sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne. Cuirfidh an Coimisiún treoirdhoiciméad ar fáil mar a fógraíodh faoin bPlean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inacmhainne agus mar a thuairiscítear faoi roinn 4.1 thuas. D'fhéadfadh iasachtaí stáit ar fhorbairt bonneagair a aisíocadh ar an ráta úsáide sócmhainní iarbhír a bheith ina rogha eile, rud a chuirfeadh moill ar an aisíoc, agus an riosca á thabhairt ar aghaidh ag an eintiteas Stáit a sholáthraíonn an iasacht.

d) Ar deireadh, **ba cheart do ENTSO-E agus d'Eintiteas AE do OCDanna tacú le dí-rioscú trí dhea-chleachtais a chomhroinnt agus trí mhodheolaíocht a mholadh maidir le conas measúnuithe dóchúlachta a dhéanamh** chun meastóireacht a dhéanamh ar leibhéil éiginnteachta maidir le forbairt tionscadal nua.

## 5. **CONCLÚIDÍ**

Chun go mbainfidh infheistíochtaí oircheallacha a n-acmhainneacht amach go hiomlán, ní mór na cleachtais atá ann cheana, ó phleanáil líonra go hinfheistíocht agus formheas costas go socrú muirir nasctha, a oiriúnú. Chuige sin, cuireann an Coimisiún roinnt moltaí ar fáil leis an treoir seo d'oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin, d'údaráis rialála náisiúnta, agus do na Ballstáit (féach an iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir).

Leanfaidh an Coimisiún Eorpach de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt bhonneagar na n-eangach ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach, ar bhealach costéifeachtach chun spriocanna fuinnimh agus aeráide a bhaint amach. Leis an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha, mar a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inacmhainne, déanfar iarracht tuilleadh feabhais a chur ar phleanáil an líonra tarchurtha agus dáileacháin, dlús a chur leis an gceadú, feabhas a chur ar chomhroinnt costas, borradh a chur faoin nuálaíocht agus tacú le slabhraí soláthair. Leanfaidh an Coimisiún Eorpach de chúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara teacht ar na bealaí is fearr is féidir chun bonneagar eangaí a mhaoiniú, lena n-áirítear infheistíochtaí oircheallacha.

*IARSCRÍBHINN*

**Achoimre ar na Moltaí ón gCoimisiún maidir le hInfheistíochtaí Oircheallacha**

| Gníomhaithe | Réimse gníomhaíochta | Moladh |
|---|---|---|
| Na Ballstáit | Pleanáil | A áirithiú go ndéanfar spriocanna, straitéisí agus pleananna náisiúnta meántéarmacha agus fadtéarmacha beartais fuinnimh agus aeráide atá cobhsaí a fhorbairt go tráthúil, ar spriocanna, straitéisí agus pleananna iad atá dea-ailínithe / nasctha le PNFAnna má tá siad scartha uathu, chun cásanna forbartha líonra a éascú trí thoimhdí cáis a chumasú a nglactar leo agus a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn uilechoiteann. |
| OCTanna / OCDanna | Pleanáil | A áirithiú go mbeidh na pleananna forbartha líonra bunaithe ar chásanna forbartha amach anseo, breithniú a dhéanamh ar chomhordú cásanna ar an leibhéal náisiúnta agus leis an bplean forbartha líonra 10 mbliana (a áirithiú go gcuirfear sonraí ón bplean forbartha líonra 10 mbliana san áireamh, PFLanna dáileacháin agus PFLanna 10 mbliana a fhorbairt ar bhealach comhordaithe comhleanúnach). Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a áirithiú ag céim forbartha cásanna cheana féin. |
| NRAnna / Údaráis na mBallstát | Pleanáil | Tréimhsí réamhbhreathnaitheacha leordhóthanacha a thabhairt isteach le haghaidh pleanáil mhionsonraithe an líonra nó, más amhlaidh an cás, le haghaidh phleananna infheistíochta na n-oibreoirí córais, chun infheistíochtaí oircheallacha a chur san áireamh agus a fhormheas. |
| OCTanna / OCDanna | Pleanáil | Infheistíocht atá beartaithe chun síntí acmhainneachta amach anseo a mheas (agus gnéithe eile amhail athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide). |
| NRAnna | Grinnscrúdú Rialála i gcéim na pleanála | A áirithiú go n-éascaíonn grinnscrúdú rialála ar PFLanna measúnú agus cuimsiú infheistíochtaí oircheallacha, trína áirithiú go bhfuil siad bunaithe ar chásanna iomchuí agus go bhfuil nasc soiléir idir PFLanna agus formheas infheistíochtaí nó na bpleananna infheistíochta breise. Mura ndéantar infheistíochtaí a fhormheas go díreach in obair leantach ar PFL, ar mhaithe le trédhearcacht, ba cheart, ar a laghad, an mhodheolaíocht le haghaidh formheas infheistíochta a áireamh sa PFL. |
| NRAnna / Údaráis na mBallstát | Costais a choinneáil faoi smacht agus dreasachtaí | Sainmhíniú agus formheas costais tosaigh agus rialacha maidir le ráta toraidh a thabhairt isteach le haghaidh infheistíochtaí oircheallacha, lena n-áirítear sainmhíniú agus formheas a mhéid a bhaineann le scéimeanna bainistithe riosca, chun cinnteacht infheisteoirí a chumasú maidir le hinfheistíochtaí oircheallacha.<br>A áirithiú go gcaithfear go cothrom le hinfheistíochtaí oircheallacha agus le hinfheistíochtaí eile san eangach, agus go bhfreastalófar ar a gcarachtar sonrach (dáileadh riosca). |
| NRAnna / Údaráis na mBallstát | Costais a choinneáil faoi smacht agus dreasachtaí | Próiseas formheasa costais dhá chéim a mheas chun dlús a chur le tionscadail eangaí, agus riosca agus costais á n-íoslaghdú san am céanna, arb é atá ann 1. dearadh agus ceadú, 2. tógáil (bunaithe ar anailís níos doimhne, torthaí ceantanna foinsí fuinnimh in-athnuaite nó a leithéid). |
| NRAnna / Údaráis na mBallstát | Costais a choinneáil faoi smacht agus dreasachtaí | Muirir nasctha a dhearadh d’fhonn nascadh úsáideoirí na heangaí amach anseo a éascú agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an eangach. Smaoinigh ar mhuirir éadomhoimhne vs. muirir nasctha dhoimhne a dhearadh agus infheistíochtaí oircheallacha á gcur san áireamh. |

| Gníomhaithe | Réimse gníomhaíochta | Moladh |
|---|---|---|
| Údaráis na mBallstát / ÚNRanna | Costais a choinneáil faoi smacht agus dreasachtaí | Rialacha soiléire a thabhairt isteach maidir le hiarrataí ar nascadh, tréimhsí uasta a shocrú le haghaidh nascadh agus pionóis ghaolmhara, chun tearcúsáid na sócmhainne gaolmhaire a sheachaint. |
| NRAnna | Costais a choinneáil faoi smacht agus dreasachtaí | A áirithiú, a luaithe a fhormheasfar sócmhainní, nach ndéanfar a luach saothair a cheistiú go cúlghabhálach, mar shampla, bunaithe ar ráta úsáide íseal na sócmhainne ar leith ar dtús. Déan tagarmharcáil éifeachtúlachta *ex post* a bhaint. |
| NRAnna / Údaráis na mBallstát | Costais a choinneáil faoi smacht agus dreasachtaí | Straitéisí a mheas chun an tionchar ar tharaifí a theorannú agus trí ráthaíochtaí Stáit nó trí bhuiséad poiblí a úsáid chun muirir líonra a laghdú chun na costais bhreise a eascraíonn as bearta chun dlús a chur le dícharbónú agus comhtháthú margaidh a chumhdach, lena n-áirítear é sin a dhéanamh le haghaidh infheistíochtaí oircheallacha, i gcomhréir leis an gcreat rialála atá ann faoi láthair, mar aon leis na rialacha maidir le Státchabhair agus le dlí na hiomaíochta. |